

An Meitheamh 2020

Maidir le: Cigireachtaí ar oiriúnacht don fheidhm a atosú

A Sholáthraí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil ag éirí go maith leat sa tréimhse seo atá dúshlánach do gach duine inár bpobal. Táim ag scríobh chugat chun nuashonrú a thabhairt duit ar chigireachtaí ar oiriúnacht don fheidhm a atosú.

Luaitear i dTreoirphlean an Rialtais maidir le Sochaí agus Gnó a Athoscailt go mbeidh cead ag áiseanna cúram leanaí athoscailt do leanaí oibrithe bunriachtanacha i gCéim 3 den Treoirphlean (an 29 Meitheamh) agus táthar tar éis an cinneadh a dhéanamh chun áiseanna cúram leanaí a athoscailt do leanaí gach oibrí ag an gcéim seo. Scríobh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chugat an 27 Bealtaine lena chur in iúl go bhfuil cead agat agus ag d'fhoireann chun taisteal go dtí d'áis chúram leanaí chun an obair ullmhúcháin a dhéanamh a theastaíonn chun d'áis a oscailt arís.

Chun cabhrú leis na hullmhúcháin chun d'áis a athoscailt, tá sé ar intinn ag ár gcigireacht anois tús a chur le cigireachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí maidir le h oiriúnacht don fheidhm. Baineann tairbhí móra leis na cigireachtaí seo a dhéanamh arís a luaithe agus is féidir; clárófar seirbhísí nua, agus is féidir athruithe ar chúinsí a cheadú sula n-athosclófar seirbhísí nua go déanach i Meitheamh. Níl an baol a chruthaíonn an ghníomhaíocht seo do shláinte phoiblí ach fíorbheag mar gheall nach mbeidh aon leanaí ná foireann ar an láthair i rith na cigireachta, agus mar gheall nach mbeidh ach an méid is lú teagmhála á déanamh idir an soláthraí cláraithe agus an cigire.

Faoi mar is eol duit, agus de réir an dlí, caithfidh gach duine a bheartaíonn seirbhís luathbhlianta a oibriú in Éirinn an tseirbhís sin a chlárú agus leagtar amach na riachtanais don phróiseas clárúcháin sna rialacháin. Déanann Tusla measúnú ar iarratais i dtrí chuid:

Cuid 1: Measúnú agus fíorú deisce a dhéanamh ar an eolas san iarratas,

Cuid 2: Cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar an áitreabh. Tugtar measúnú ar oiriúnacht don fheidhm (MAO) air seo, agus

Cuid 3: Toradh an iarratais agus an mheasúnaithe a thabhairt le fios.

Caithfear iarratas agus measúnú atá cosúil leis sin a dhéanamh nuair is mian le seirbhís athruithe móra a dhéanamh ar an tseirbhís a sholáthraíonn sé (is é sin, an méid leanaí a

mhéadú nó saghas na seirbhíse a athrú ó sheirbhís sheisiúnach go seirbhís cúram lae iomláin).

Rinne Tusla athbhreithniú ar an mbealach a dhéanaimid na cigireachtaí seo lena chinntiú go gcaithfear a laghad ama agus is féidir ar an láthair ag do sheirbhís agus cloífean go daingean le scaradh sóisialta. Críochnófar na measúnuithe páipéarachais agus an plé go léir amach ón láthair sula ndéanfar na gníomhaíochtaí ar an láthair. Déanfar comhaontú ar na cigireachtaí go léir trí choinne, agus mura féidir leat freastal, is féidir leat duine eile a ainmniú, ach iarrtar ort an cigire a chur ar an eolas air seo roimh ré.

Tá limistéir á bpróiseáil againn faoi láthair agus tá tús áite á thabhairt againn do limistéir ina bhfuil easnaimh mhóra in áiteanna cúram leanaí. Má rinne tú iarratas, ní ga duit teagmháil a dhéanamh linn, déanfaimid teagmháil leat in am agus i dtráth.

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, le ey.registration@tusla.ie, agus cuirfidh ball foirne eolas breise ar fáil duit.

Is mise, le meas,



Eibhlín O'Leary

Ceann na Cigireachta agus an Mheasúnaithe

Rialáil Seirbhísí Leanaí